AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.6.2025
COM(2025) 206 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hEastóine

{SWD(2025) 206 final}

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hEastóine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Breithnithe ginearálta

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an

[1] IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.

Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais[3] sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Eastóin caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a chuideoidh ó thaobh cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(4) An 18 Meitheamh 2021, chuir an Eastóin a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de

---

3 Glanchaiteachas mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

4 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

5 Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 29 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine[6] a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 16 Meitheamh 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh[7]. Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag an Eastóin. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna roimhe sin maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna.

(5) An 21 Eanáir 2025, ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hEastóine[8]. Cuireadh an plean isteach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaíonn sé an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuireann sé i láthair coigeartú fioscach thar 4 bliana.

(6) An 26 Samhain 2024 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na hEastóine 2025. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil inar shainaithin go bhfuil an Eastóin ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[9] an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

(7) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an t-iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d'aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar

---

6 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine (0319/2021).

7 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 16 Meitheamh 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine (9367/2023).

8 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na hEastóine, IO C/2025/655, 10.2.2025.

9 Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).

mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach agus fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin — simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta , agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(8) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha sin fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Na príomhdhúshláin beartais eacnamaíoch nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na bearta atá sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumhdaíonn moltaí tírshonracha 2025 iad, agus na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2019-2024 á gcur san áireamh.

(10) An 4 Meitheamh 2025, d’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 maidir leis an Eastóin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Eastóin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Eastóin. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na hEastóine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(11) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an Eastóin. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na hEastóine, ar measúnú é a rinneadh chun críocha an Rialacháin sin, foilsíodh iad an 13 Bealtaine 2025[10]. An 4 Meitheamh 2025, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag an Eastóin. Go háirithe, tá leochaileachtaí

[10] SWD(2025)123 final.

ann le blianta beaga anuas a bhaineann le hiomaíochas praghsanna agus costais atá ag dul in olcas le linn cúlú eacnamaíoch fada, agus tá méadú suntasach tagtha ar phraghsanna tithe, ach is cosúil go bhfuil leochaileachtaí foriomlána faoi smacht faoi láthair. Tá fás mór tagtha ar phá agus ar phraghsanna le roinnt blianta anuas, agus d'fhan an croí-bhoilsciú i bhfad os cionn mheán an limistéir euro go luath in 2025, rud a bhí spreagtha ag fás pá, go háirithe san earnáil phoiblí. Tá na brúnna praghsanna agus costais sin ag cur isteach ar sheasamh iomaíochais an gheilleagair. Cé go raibh caillteanas fuinnimh saor agus ionchur eile tar éis an chogaidh fhoghaigh atá an Rúis a chur ar an Úcráin ina gcúis le fás marthanach praghsanna in 2022, is brú intíre den chuid is mó anois é an brú boilscitheach. Le héileamh láidir intíre agus margadh saothair docht, bhíothas in ann an pá a mhéadú go tapa tráth a raibh táirgiúlacht lag ann. Tá méadú tagtha ar phá poiblí le blianta beaga anuas, go háirithe do mhúinteoirí agus do bhaill foirne cúraim sláinte, ag teacht suas ó leibhéil réasúnta íseal san am a chuaigh thart. Is féidir cuid den bhoilsciú ard a chur i leith méaduithe ar chánacha indíreacha. Tá roinnt sciartha den mhargadh caillte ag onnmhairí na hEastóine le 2 bhliain anuas. Tá laghdú tagtha ar an easnamh sa chuntas reatha le déanaí, mar gheall ar chúlú eacnamaíoch sa bhaile; níl an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta ach measartha diúltach agus is cosúil go bhfuil na rioscaí don inbhuanaitheacht sheachtrach teoranta. Tá fás suntasach tagtha ar phraghsanna tithe le blianta beaga anuas agus meastar go ndéantar ró-luacháil orthu, ach tá an riosca don chobhsaíocht airgeadais a bhaineann le hiasachtaí morgáiste fós íseal. Chuir roinnt gníomhaíochtaí beartais roimhe seo leis an staid sin, go háirithe tar éis dóibh éileamh intíre a spreagadh a luaithe a sáraíodh an chuid is measa de ghéarchéim na paindéime. Áiríodh orthu sin scaoileadh cistí pinsin an dara colún, rud a chuir borradh faoi phraghsanna, praghsanna tithe ina measc. Le blianta beaga anuas, tháinig méadú ar thuarastail phoiblí agus ar phá íosta i gcomhthráth leis an gcúlú eacnamaíoch agus mar thoradh air sin, tá fás foriomlán níos airde ar phá ar fud an gheilleagair. Tá bearta chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht saothair agus ar an timpeallacht ghnó teoranta i gcónaí. D'fhógair an rialtas roinnt gníomhaíochtaí beartais le déanaí lena laghdófar cáin agus caiteachas le haghaidh 2026, gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh brúnna boilscitheacha a laghdú agus roinnt brúnna costais saothair a mhaolú.

Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn

(12) An 21 Eanáir 2025, mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas le haghaidh na hEastóine: 7,1 % in 2025, 5,1 % in 2026, 3,6 % in 2027 agus 3,2 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2023, mar atá 9,2 % in 2025, 14,8 % in 2026, 18,9 % in 2027 agus 22,6 % in 2028.

(13) An 29 Aibreán 2025, chuir an Eastóin a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn[11] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na hEastóine i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus

[11] Tá na Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn maidir le 2025 le fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_ga

athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(14) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh do Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 an togra sin. Tar éis iarraidh a fháil ón Eastóin an 29 Aibreán 2025, an [dáta], agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena gceadaítear don Eastóin imeacht ó uasrátaí fáis an ghlanchaiteachais agus iad a shárú[12].

(15) Ar bhonn sonraí atá fíoraithe ag Eurostat[13], tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na hEastóine ó easnamh 3,1 % de OTI in 2023 go heasnamh 1,5 % in 2024, agus tháinig ardú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 20,2 % de OTI ag deireadh 2023 go 23,6 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais 1,8 % in 2024. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, measann an Eastóin gurb é 1,1 % an fás glanchaiteachais in 2024. Measann an Coimisiún go raibh an fás glanchaiteachais níos airde ná mar atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn. Is é meastachán níos lú an Choimisiúin ar thionchar na mbeart lánroghnach ioncaim is cúis leis an difríocht idir ríomhanna an Choimisiúin agus meastacháin na n-údarás náisiúnta. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[14], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach chrapthach ann in 2024, mar atá 1,8 % de OTI.

(16) De réir na Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca le réamh-mheastacháin bhuiséadacha na hEastóine, tá coinne le fás fíor-OTI 1,7 % in 2025 agus 2,5 % in 2026, agus réamh-mheastar go mbeidh boilsciú ICPT 5,1 % ann in 2025 agus 4,3 % in 2026. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 1,1 % in 2025 agus faoi 2,3 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 3,8 % ann in 2025 agus 2,3 % in 2026.

(17) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go bhfanfaidh an t-easnamh rialtais ghinearálta 1,5 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le laghdú go 22,5 % faoi dheireadh 2025. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 1,0 % in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta 1,4 % de OTI ann in 2025. Méaduithe ar ioncam, i ngeall ar rátaí cánach méadaithe ar ioncam pearsanta agus corparáideach, ar ioncam ó institiúidí creidmheasa agus ar bhreisluach, agus mar thoradh ar cháin mhótarfheithicle a thabhairt isteach, meastar go ndéanfaidh siad an méadú ar chaiteachas an rialtais a fhritháireamh ar mó i bhfad. I ngeall ar an

---

12 Moladh ón gComhairle lena gceadaítear don Eastóin imeacht ón gconair ghlanchaiteachais mholta agus í a shárú (Gníomhachtú an chlásail éalaithe náisiúnta), [Líon isteach: IO C/2025/xxx, x.x.2025]

13 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

14 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

téarnamh eacnamaíoch freisin, cuirfear feabhas ar iontógáil na gcánacha sin. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 2,1 % in 2025. Is é is cúis freisin leis na réamh-mheastacháin fáis glanchaiteachais níos airde ná mar atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn go nglacann an Coimisiún leis go mbeidh fás níos airde ar chaiteachas príomhúil reatha, caiteachas níos ísle arna chistiú ag aistrithe ón Aontas agus cómhaoiniú náisiúnta níos ísle ar chláir an Aontais. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2025, mar atá 1,0 % de OTI. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, tiocfaidh méadú go 23,8 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta-OTI faoi dheireadh 2025. An méadú ar an gcóimheas fiachais–OTI in 2025, léiríonn sé go príomha an t-easnamh sa bhuiséad mar aon le coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic.

(18) Meastar go maoineofar caiteachas rialtais ghinearálta a dhéanann suas 0,6 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le 0,4 % de OTI in 2024, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na hEastóine.

(19) 2,0 % de OTI in 2021, 2,2 % de OTI in 2022 agus 2,7 % de OTI in 2023, ba é sin caiteachas cosanta an rialtais ghinearálta san Eastóin[15]. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go gcaithfear 3,4 % de OTI in 2024 agus 3,8 % de OTI in 2025 ar an gcosaint. Comhfhreagraíonn sé sin do mhéadú 1.7 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an Eastóin in ann tosaíocht an athuair a thabhairt do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas níos airde go marthanach ar an gcosaint.

(20) De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas san Eastóin faoi 2,1 % in 2025 agus gur fás carnach 3,9 % a bheidh ann in 2024 agus 2025. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh fás glanchaiteachais na hEastóine in 2025 faoi bhun an uasráta fáis a mholtar, go bliantúil agus freisin nuair atá 2024 agus 2025 á meas le chéile.

(21) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2,5 % de OTI in 2026, agus réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 24,0 % faoi dheireadh 2026. Ní áirítear réamh-mheastacháin bhuiséadacha tar éis 2026 sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le 2025. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún easnamh rialtais 2,4 % de OTI in 2026. Is é taobh an ioncaim is cúis leis an méadú réamh-mheasta ar an easnamh le haghaidh 2026, mar gheall go príomha ar chur chun feidhme liúntais saor ó cháin do gach cáiníocóir ar cháin ioncaim phearsanta agus iontógálacha cánach níos ísle ar thuilleamh díbhinne,

[15] Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

rud a léiríonn cuideachtaí a dháilfidh díbhinní arda in 2024 agus 2025 in oirchill an mhéadaithe cánach ar cháin chorparáide. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 4,1 % in 2026. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2026, mar atá 0,5 % de OTI. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh méadú go 25,4 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2026. Den chuid is mó léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2026 an t-easnamh rialtais réamh-mheasta.

Príomhdhúshláin bheartais

(22) Cé gur lean ioncam cánach na hEastóine de bheith ag méadú mar sciar de OTI in 2024, tá sé fós faoi bhun mheán an Aontais. Chuirfí maoiniú breise ar fáil do thosaíochtaí caiteachais phoiblí, cuir i gcás an chosaint, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach ach an bhearna sin a dhúnadh. Cánacha maoine, atá i measc na gcánacha is lú dochair don fhás, tá siad thart ar sheacht n-uaire níos ísle ná meán an Aontais le blianta beaga anuas go dtí 2023, iad ag 0,3 % de OTI. Le linn na tréimhse céanna, lean cánacha caipitil treocht chomhchosúil, iad trí huaire níos ísle ná meán an Aontais. In 2025, ardóidh an Eastóin an ráta cánach corparáide ó 20 % go 22 % agus cuirfidh sí deireadh leis an ráta cánach laghdaithe 14 % a chuirtear i bhfeidhm i dtaca le gnáthdhíbhinní. Leis na bearta sin, méadófar sciar na gcánacha caipitil in ioncam iomlán agus cuideoidh siad leis an mbearna le meán an Aontais a laghdú. Os a choinne sin, braitheann an Eastóin den chuid is mó ar chánacha ar shaothar agus ar thomhaltas, agus tá an t-ioncam ó na cánacha sin os cionn mheán an Aontais mar chéatadán de OTI. Meastar go dtiocfaidh méadú ar sciar na gcánacha sin in ioncam iomlán tar éis méaduithe a rinneadh le déanaí agus atá beartaithe ar an ráta cánach breisluacha. Cé go gcuideoidh na méaduithe cánach freisin leis an mbearna ioncaim cánach iomlán leis an Aontas a laghdú, tá siad cúlchéimnitheach, agus tá an t-ualach cánach dáilte go míchothrom. Dá bhrí sin, féadfaidh siad cur leis an neamhionannas ioncaim atá ard cheana féin agus tá an baol ann go mbeidh tionchar boilscitheach acu. Sainaithníodh boilsciú ard mar dhúshlán suntasach d'iomaíochas na hEastóine. Tá an Eastóin ag obair freisin ar athbhreithnithe rialta ar chaiteachais agus meastóireachtaí beartais a chomhtháthú sa phleanáil bhuiséadach mheántéarmach. Dá gcuirfí na hathbhreithnithe sin chun feidhme chun tús áite a thabhairt do phríomhréimsí caiteachais, rannchuideofaí le leithdháileadh níos éifeachtúla cistí poiblí chun cabhrú le freastal ar riachtanais caiteachais struchtúraigh atá ag dul i méid agus chun an brú a laghdú chun ioncam cánach a mhéadú.

(23) Níl rochtain ar chúram sláinte ná ar chúram fadtéarmach leordhóthanach inacmhainne á háirithiú go fóill. Chuidigh athchóirithe agus infheistíocht mhéadaithe le blianta beaga anuas le leibhéal an ghá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú a laghdú ó 12.5 % in 2023 go 8.5 % in 2024. Mar sin féin, an gá nach bhfuiltear ag freastal air, tá sé fós i measc an ghá is airde san Aontas, mar gheall ar amanna feithimh fada agus cáilíocht agus infhaighteacht mhíchothrom seirbhísí cúraim sláinte ar fud na tíre. Tá an caiteachas poiblí ar chúram fadtéarmach agus ar sheirbhísí cúraim sláinte fós íseal, i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, agus cuireann ganntanais lucht saothair agus an spleáchas ar chistiú bardasach teorainn le soláthar seirbhísí. Is é an toradh a bhíonn ag leibhéil ísle caiteachais phoiblí íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha arda ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach. Is é an t-athchóiriú ar chúram a tháinig i bhfeidhm in 2023 an chéad chéim mhór chun cúram fadtéarmach a neartú san Eastóin, cé go bhfuil nach bhfuil tionchar an athchóirithe sin le feiceáil go fóill. Chun an gá le

cúram leighis nár riaradh agus le híocaíochtaí neamh-in-aisíoctha a laghdú a thuilleadh, tá sé ríthábhachtach maoiniú leordhóthanach a áirithiú le haghaidh soláthar cúraim ar ardchaighdeán, go háirithe i ngeall go meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh de bharr aosú an daonra. Trí chúram baile agus cúram pobalbhunaithe a neartú, in éineacht le teicneolaíochtaí cúnta, chuideofaí freisin le feabhas a chur ar inrochtaineacht agus éifeachtacht seirbhísí ar fud na tíre.

(24) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na hEastóine leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(25) San Eastóin, tá dlús curtha le cur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa an chláir sin a áirithiú, agus a thionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá an Eastóin ag gníomhú cheana féin faoina clár beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Ag an am céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an Eastóin, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le hathléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach ina measc, lánpháirtiú grúpaí faoi mhíbhuntáiste i margadh an tsaothair, chomh maith le scileanna agus soláthar oideachais, aistriú fuinnimh agus iomaíochas réigiúnach, go háirithe i réigiúin na teorann thoir. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear ar an Eastóin – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe – a clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025[16], cuirtear síneadh leis an spriocdháta chun measúnú a chur isteach ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta 2025. Cuirtear ar fáil leis freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme clár agus dreasachtaí do na Ballstáit chun acmhainní an bheartais chomhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta straitéisí de chuid an Aontais, is iad sin iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh.

[16] Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma - COM(2025) 123 final.

(26) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gclár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D'fhéadfadh an Eastóin na tionscnaimh sin a úsáid chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(27) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus i gcistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshláin bhreise roimh an Eastóin a bhaineann le beartas taighde agus nuálaíochta, rochtain ar mhaoiniú, táirgiúlacht saothair agus soláthar scileanna, cosaint shóisialta, fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, agus dícharbónú, lena n-áirítear san earnáil iompair.

(28) Cé go bhfuil feabhas leanúnach tagtha ar fheidhmíocht nuálaíochta fhoriomlán na hEastóine ó 2017 i leith, tá caiteachas taighde agus forbartha gnó (T&F) mar chéatadán de OTI fós faoi bhun mheán an Aontais, agus is í earnáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chaitheann beagnach leath den chaiteachas iomlán ar T&F. Ag an am céanna, tá laghdú tagtha ar líon na n-iarratas ar phaitinní a comhdaíodh faoin gConradh Comhair Paitinní in aghaidh EUR 1 bhilliún de OTI, rud a thugann le fios nach n-oibríonn an bonn eolaíochta poiblí maidir le feidhmíocht theicneolaíoch agus nuálaíocht ghnó. Cé go bhfuil méadú tagtha ar thacaíocht phoiblí dhíreach do T&F in earnáil an ghnó, tá beartais thar scéimeanna deontais tearcfhorbartha, rud a chuireann bac ar chumas na hEastóine aghaidh a thabhairt ar riachtanais cuideachtaí a bhfuil cumas teoranta acu fionnachtana taighde a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, thit sciar an mhaoiniúcháin don taighde feidhmeach ó mhaoiniú iomlán T&F go 23 % in 2023. Seoladh an tIonad Taighde Feidhmeach in 2024 agus tógfaidh sé am eagraíocht teicneolaíochta taighde lánfheidhmiúil a fhorbairt. Tá easpa dlúthchomhair ann idir an lucht gnó agus an saol acadúil. Tá deis ann ról na n-ollscoileanna agus na n-eagraíochtaí taighde fheidhmigh sa nuálaíocht a neartú chun dlús a chur le glacadh teicneolaíochtaí nua agus chun borradh a chur faoin iomaíochas.

(29) Tá rochtain ar mhaoiniú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) san Eastóin níos srianta ná mar atá ar an meán san Aontas. Déanann sé sin dochar don infheistíocht sa nuálaíocht, go háirithe i réigiúin iargúlta ina bhfuil riosca ar leith ag baint le maoiniú infheistíochta nuálach mar gheall ar ghanntanais réigiúnacha scileanna agus acmhainní. Tá géarghá le hinfheistíocht i gcuideachtaí de chuid na hEastóine chun an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas a chur chun cinn ach, mar sin féin, is lú an leas a bhaineann siad as cistiú ó mhargaí caipitil ná meán an Aontais. Bíonn siad ag brath níos mó ar infheistíocht a chistítear go hinmheánach ina ionad sin. Is é an córas cánach ioncaim, leitheadúlacht FBManna agus bonn infheisteoirí institiúideacha measartha a spreagann an cleachtas sin. D'fhéadfaí infheisteoirí a mhealladh ach rannpháirtíocht infheisteoirí institiúideacha sa mhargadh cothromais a chur chun cinn agus forbairt margaidh caipitil fiontair fhéinchothaithe a spreagadh.

(30) Le déanaí, níl an ganntanas saothair chomh géar céanna, ach tá easpa oibrithe oilte fós ina bac mór ar infheistíocht i gcás 32 % de ghnólachtaí agus tarlaíonn mímheaitseáil scileanna in go leor earnálacha. Tá méadú tagtha ar an infheistíocht leanúnach san aistriú glas, rud lena méadófar a thuilleadh an t-éileamh ar oibrithe a bhfuil sainscileanna acu. Tarlaíonn an ganntanas scileanna sin i gcomhthráth le fás tapa pá agus costas saothair aonaid níos airde, rud lena gcuirtear teorainn le fás táirgiúlachta

gnó. Le blianta beaga anuas, tá fás tapa pá ar cheann de na tosca a spreagann boilsciú agus a chuireann isteach ar an iomaíochas. Is é an toradh a bhíonn ar rátaí luathfhágála na scoile agus rátaí luathfhágála an ardoideachais a bheith sách ard, nach leor an líon céimithe oilte, rud a chuireann leis an bhfadhb. Tá an ganntanas scileanna géar go maith ar an leibhéal réigiúnach, ó tharla go bhfuil níos mó deacrachtaí ag ceantair thuaithe agus iargúlta gairmithe cáilithe a mhealladh agus go bhfuil riachtanais níos mó acu maidir le hathsciliú agus uas-sciliú mar gheall ar dhúshláin an aistrithe. D'fhéadfaí mímheaitseáil scileanna a theorannú ach feabhas a chur ar ábharthacht an chórais oideachais agus oiliúna don mhargadh fostaíochta, go háirithe do speisialtóirí i réimse na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice. D'fhéadfadh beartais feabhas a chur freisin ar rochtain ar athsciliú agus uas-sciliú, go háirithe do dhaoine aonair a bhfuil leibhéal íseal oideachais acu, agus d'oibrithe scothaosta freisin, lena n-áirítear beartais chun bunscileanna digiteacha a fheabhsú. Chun tacú le héagsúlú eacnamaíoch i ngníomhaíochtaí ard-bhreisluacha, d'fhéadfaí úsáid níos mó a bhaint as córas OSKA chun an t-éileamh ar scileanna a réamh-mheas agus d'fhéadfaí rialacha níos simplí a thabhairt isteach chun oibrithe oilte eachtracha a fhostú i réimsí ina bhfuil ganntanas oibrithe agus chun cuidiú le borradh a chur faoin iomaíochas.

(31) Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag an Eastóin i dtreo spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 an Aontais a bhaint amach. Trí scéimeanna athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr ar theaghlaigh leochaileacha agus trí thacaíocht a mhéadú don earnáil chónaithe faoi scéimeanna nua chun comhlánú a dhéanamh ar scéimeanna atá ann cheana (cuir i gcás RRF agus an deontas Atógála Foirgneamh Árasán), d'fhéadfadh an Eastóin spriocanna a straitéise athchóirithe fadtéarmaí a bhaint amach ar bhealach níos fearr agus rannchuidiú leis an sprioc a bhaint amach chun astaíochtaí a laghdú faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill. Faoi láthair, baineann an tír leas go príomha as cistiú deontas-bhunaithe le haghaidh feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh, í ag baint úsáid theoranta as ionstraimí airgeadais. Bhainfeadh an Eastóin tairbhe as scéimeanna níos spriocdhírithe agus as úsáid níos leithne a bhaint as ionstraimí airgeadais chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais a bhaint amach.

(32) Cé gur tharla aistriú suntasach i dtreo foinsí in-athnuaite fuinnimh i meascán fuinnimh na hEastóine (ó 27,7 % in 2022 go 34,6 % in 2023), tá sciar suntasach scealla ola fós le fáil sa mheascán fuinnimh (58,2 % in 2023), rud a chuireann bac ar an aistriú glas. Leanann praghsanna leictreachais de bheith ard agus luaineach san Eastóin go fóill mar gheall ar chineál eadrannach an fhuinnimh in-athnuaite, rud a chuireann leis an mboilsciú agus a laghdaíonn iomaíochas gnólachtaí. Tá saincheisteanna slándála fuinnimh roimh an Eastóin freisin mar gheall ar ionsaithe hibrideacha ar phíblínte agus ar cháblaí fomhuirí i Muir Bhailt. Dá gcuirfí le leathadh amach an táirgthe fuinnimh in-athnuaite (34,6 % den mheascán fuinnimh in 2023) agus na stórála fuinnimh, chuideofaí le deireadh leanúnach agus de réir a chéile a chur le breoslaí iontaise agus leibhéal ard neamhspleáchais fuinnimh á choinneáil ag an am céanna. Tar éis an tsioncrónaithe rathúil le heangach leictreachais ilchríochach na hEorpa in 2025, tá gá le gníomhaíocht bhreise chun athléimneacht agus solúbthacht na heangaí a fheabhsú. Tá sé ríthábhachtach freisin leanúint den obair chun cosaint an bhonneagair chriticiúil fuinnimh a neartú, go háirithe i réimse na cibearshlándála agus an fhaireachais bonneagair.

(33) Tá ceann de na rátaí is ísle de tháirgiúlacht acmhainní san Aontas ag an Eastóin, rud arbh fhéidir a eascair go páirteach as tionsclaíocht scealla ola na tíre atá dian ar ábhair,

agus as an gcóras tionsclaíoch foriomlán atá dian ar ábhair freisin. In 2023, níor ghin an Eastóin ach EUR 0,63 in aghaidh an kg d'ábhar a úsáideadh, in aghaidh mheán an Aontais de EUR 2,22. Tá tionchar diúltach aige sin ar iomaíochas na hEastóine. Borradh a chur faoi éiceanuálaíocht agus nuálaíocht bhithbhunaithe chun úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní nádúrtha, d'fhéadfadh sé cuidiú le táirgiúlacht acmhainní agus iomaíochas na hEastóine a fheabhsú. Ag 33 %, tá ráta na hEastóine chun dramhaíl chathrach a ullmhú lena hathúsáid agus lena hathchúrsáil go mór faoi bhun mheán an Aontais de 49 %. D'fhéadfadh an tír tairbhe a bhaint as ionstraimí nua beartais a thabhairt isteach chun dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach.

(34) Is táirgeoir mór astaíochtaí gás ceaptha teasa í earnáil iompair na hEastóine faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, agus is í is cúis le thart ar 15 % d'astaíochtaí iomlána na tíre, a dtagann 90 % díobh ó iompar de bhóthar. Tá na hiarnróid ríthábhachtach chun an t-iompar a aistriú ón mbóthar go dtí an t-iarnród chun feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht inbhuanaithe, ach níl ach 12 % den ghréasán iarnróid leictrithe i gcomparáid le meán an Aontais de 57 % (2022). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an Eastóin tairbhe a bhaint as gníomhaíocht leanúnach chun an gréasán iarnróid a leictriú a thuilleadh chun a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Idir an dá linn, tá an ráta úinéireachta gluaisteán ar cheann de na rátaí is airde san Aontas. In 2023, bhí 75.5 % de ghluaisteáin á gcumhachtú le peitreal agus tá meánaois na ngluaisteán ard. Ní raibh ach 6.3 % d'fheithiclí nua in 2023 leictreach, i gcomparáid le meán an Aontais de 14.5 %. Thug an Eastóin cánacha ar fheithiclí isteach le déanaí le haghaidh gluaisteáin paisinéirí phríobháideacha bunaithe ar mheáchan agus ar astaíochtaí CO_2 ach tá na rátaí cánach níos ísle i gcás feithiclí níos sine. Cé go gcuidíonn rátaí níos ísle le grúpaí leochaileacha a chosaint, d'fhéadfadh an Eastóin machnamh a dhéanamh ar na dreasachtaí a mhéadú chun stoc na bhfeithiclí bóthair príobháideacha a athnuachan. Tá an Eastóin ag smaoineamh, mar is ceart, ar sciar na mbusanna inbhuanaithe sa fhlít busanna poiblí ina iomláine a ardú go 42 % ón 30 % atá ann faoi láthair chun iompar poiblí glas a chur ar fáil i gceantair thuaithe, rud a chuideoidh le stoc na bhfeithiclí poiblí a athnuachan. Cé go bhfuil roinnt córas áitiúil ticéadaithe agus pleanála iompair comhtháite ag an Eastóin agus torthaí dearfacha orthu, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta ina leith sin.

(35) I ngeall ar bhearnaí sa chosaint shóisialta, tá dúshláin fós le sárú ag an Eastóin a bhaineann leis an mbochtaineacht, leis an eisiamh sóisialta agus le neamhionannas leanúnach ioncaim, d'ainneoin feabhsuithe a rinneadh le déanaí. Cé gur chuir na méaduithe ar phinsin agus ar shochair leanaí feabhas ar roinnt táscairí sóisialta, d'fhan an ráta riosca bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta ard in 2024, go háirithe i measc daoine scothaosta - go mór mór daoine atá 65 bliana d'aois agus níos sine atá ina gcónaí ina n-aonar - daoine faoi mhíchumas agus teaghlaigh aon duine. Tá an caiteachas ar shochair cosanta sóisialta i measc na méideanna is ísle san Aontas ag 15,4 % de OTI in 2023, i gcomparáid le 26,8 % don Aontas ina iomláine. Tá tionchar na sochar sóisialta (gan pinsin a áireamh) ar an mbochtaineacht fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais. Ach feabhas a chur ar leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais sochair, d'fhéadfaí baol na bochtaineachta a laghdú, chomh maith le tacaíocht a dhíriú ar ghrúpaí leochaileacha, cuir i gcás daoine faoi mhíchumas, teaghlaigh aon duine agus daoine scothaosta. D'ainneoin méaduithe pinsin le déanaí, arb iad coigeartuithe boilscithe agus ranníocaíochtaí cánach sóisialta atá ag dul i méid is mó ba chúis leo, tá pinsin fós i measc na bpinsean is ísle san Aontas i gcoibhneas le pá, rud a chuireann le bochtaineacht seanaoise ard. Tá bochtaineacht lucht oibre sách ard i gcónaí, go háirithe i gcás daoine i gcineálacha neamhchaighdeánacha oibre, agus is measa fós í mar gheall ar phá íosta réasúnta íseal, d'ainneoin méaduithe a rinneadh le

déanaí. D'fhéadfadh an Eastóin cumhdach na sochar dífhostaíochta a leathnú chuig daoine nach bhfuil cumhdaithe go fóill, cuir i gcás daoine i gcineálacha neamhchaighdeánacha oibre, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe. D'fhéadfadh sé sin baol na bochtaineachta ina measc a laghdú. Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós suntasach, agus tá ceantair thuaithe agus réigiúin na teorann thoir níos mó i mbaol bochtaineachta. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thacófaí freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís tíre dara céim de sheirbhísí an Choimisiúin ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta[17].

(36) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2025 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na hEastóine, cuidíonn moltaí (2), (3) agus (4) le cur chun feidhme an chéad mholta maidir leis an limistéar euro i dtaca le hiomaíochas, cuidíonn moltaí (4), (5) agus (6) le cur chun feidhme an dara moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le hathléimneacht, agus cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an tríú moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a leagtar amach i Moladh 2025.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Eastóin in 2025 agus in 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta a threisiú i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. Cloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025, agus úsáid á baint as an liúntas faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas cosanta níos airde. An bonn cánach a leathnú trí leas a bhaint as cánacha nach bhfuil chomh díobhálach céanna don fhás. Maoiniú inbhuanaithe a áirithiú do riachtanais chaiteachais, lena n-áirítear an chosaint, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach chun inrochtaineacht agus inacmhainneacht a fheabhsú, agus cosaint á tabhairt ag an am céanna iar bhrú boilscitheach.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Dlús a chur le cur chun feidhme chlár an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CUAC, CSE+, CC), agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, an raon feidhme a chuirtear ar fáil le InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip san áireamh, chun cur leis an iomaíochas.

3. Infheistíocht a dhíriú ar thaighde agus ar nuálaíocht trí thosaíocht a thabhairt do mhaoiniú le haghaidh taighde feidhmeach. Rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do chuideachtaí i réigiúin iargúlta, chun infheistíocht nuálach a éascú, mar shampla infheistíocht san aistriú glas agus san aistriú digiteach, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht infheisteoirí institiúideacha sa mhargadh caipitil fiontair agus cothromais a chur chun cinn.

[17] SWD(2025)95 – Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta (SCF), 2025.

4. Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú trí bhearta nua maoiniúcháin agus tacaíochta a dhéanamh chun spriocanna na straitéise athchóiriúcháin fadtéarmaí a bhaint amach. An spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise agus an sciar scealla ola sa mheascán fuinnimh a laghdú trí infheistíocht a dhéanamh i bhfuinneamh in-athnuaite agus trí stóráil fuinnimh a chur chun cinn. Slándáil fuinnimh a mhéadú, mar shampla trí acmhainneacht leordhóthanach na n-idirnasc leictreachais a áirithiú. Táirgiúlacht acmhainní a mhéadú trí nuálaíocht bhithbhunaithe. Gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun infhaighteacht agus úsáid iompair inbhuanaithe nach bhfuil chomh truaillitheach céanna a mhéadú, lena n-áirítear trí leictriú an ghréasáin iarnróid, trí stoc na bhfeithiclí bóthair a athnuachan, agus trí chórais iompair phoiblí a chomhtháthú.

5. Táirgiúlacht saothair agus soláthar scileanna a fheabhsú trí ghníomhaíocht maidir le hathsciliú agus uas-sciliú, trí luathfhágáil scoile a laghdú, trí fheabhas a chur ar ábharthacht an chórais oideachais agus oiliúna don mhargadh fostaíochta, go háirithe trí fhreastal ar an éileamh méadaitheach ar speisialtóirí i réimse na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice, agus trí dhaoine tréitheacha a mhealladh agus a choinneáil ar bhealach níos fearr. Cur leis na bearta beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais. Baol na bochtaineachta a laghdú trí chosaint shóisialta a neartú do dhaoine scothaosta, do theaghlaigh aon duine agus do dhaoine faoi mhíchumas trí leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais sochar a mhéadú, agus do dhaoine dífhostaithe, inter alia trí chumhdach na sochar dífhostaíochta a leathnú, go háirithe dóibh siúd atá i mbun cineálacha neamhchaighdeánacha oibre, agus inbhuanaitheacht fhioscach á coinneáil ar bun an tráth céanna.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán